*An Coiste um Iascach*

**2023/2150(DEC)**

25.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA) don bhliain airgeadais 2022

(2023/2150(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Pierre Karleskind

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur sonrú sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (an 'Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2022, i dtuarascáil bhliantúil na bliana 2022 ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus san anailís agus sa mheasúnú a rinne Bord Riaracháin na Gníomhaireachta ar an tuarascáil sin;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt ina luaitear go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag aithint gur thug CIE barúlacha i dtaobh córais soláthair phoiblí, i dtaobh córais bhainistíochta agus i dtaobh córais rialaithe, agus freisin i dtaobh tabhairt anonn a úsáid;

3. ag tabhairt dá haire gur tharla téarnamh ó thionchair phaindéim COVID-19 ar an dá bhliain airgeadais roimhe sin sa bhliain airgeadais 2022, agus ag an am céanna gur lean buiséad agus acmhainní EFCA ag fás le haghaidh cúraimí agus tionscadail bhreise mar a fhoráiltear ina Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair do 2022; á chur i bhfios go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcogadh san Úcráin ar aithint agus tomhas roinnt sócmhainní agus dliteanas ar an gclár comhardaithe agus ar roinnt ioncaim agus costas a aithnítear sa ráiteas feidhmíochta airgeadais le haghaidh tréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Ghníomhaireacht ranníocaíocht EUR 29.34 mhilliún faoi bhuiséad ginearálta an Aontais in 2022, arbh ionann í agus méadú 40 % i leith 2021; á chur i bhfios go bhfuil buiséad bliantúil na Gníomhaireachta agus a comhlánú foirne araon i measc na ngníomhaireachtaí is ísle i measc ghníomhaireachtaí an Aontais, fiú amháin leis an bplean bunaíochta foirne méadaithe;

5. ag aithint gurb amhlaidh, sa bhliain airgeadais 2022, a bhí an Ghníomhaireacht in ann 95.4 % dá clár oibre bliantúil a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire go raibh an Ghníomhaireacht in ann a hoibríochtaí a dhéanamh agus a buiséad a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe, agus gurbh ionann ráta foriomlán chur chun feidhme an bhuiséid agus 99.4 % ó thaobh gealltanas de agus 57.8 % ó thaobh íocaíochtaí de, figiúr atá i bhfad níos ísle ná an bhliain roimhe sin; ag tabhairt dá haire an míniú ón nGníomhaireacht go n-eascraíonn an laghdú sin den chuid is mó as an mbearna ama chun trí shoitheach patróil iascaigh amach ón gcósta a bheith oibríochtúil;

6. ag meabhrú rannchuidiú ríthábhachtach na Gníomhaireachta i gcur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh (CBI), go háirithe cur chun feidhme an rialaithe iascaigh agus cur chun feidhme an chomhraic i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuiltear ag neartú ar an soitheach patróil cairtfhostaithe amach ón gcósta (OPV) atá ag an nGníomhaireacht chun rialuithe iascaigh agus cigireachtaí a dhéanamh in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta agus chun tacú leis na húdaráis náisiúnta; á chur i

bhfios go láidir go raibh an Ghníomhaireacht rannpháirteach i mórchomhghuaillíochtaí idirnáisiúnta i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, amhail oibríocht PESCAO;

7. á chur i bhfáth gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú, agus gur cúraimí tacúla iad cúraimí na Gníomhaireachta; á chur i bhfáth gurb é a bheidh mar thoradh ar an athbhreithniú nuaghlactha ar na Rialacháin um Rialú ar Iascaigh ná go méadófar ualach oibre tacaíochta na Gníomhaireachta; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh oibleagáidí méadaitheacha gan acmhainní leordhóthanacha chun é sin a dhéanamh neamhleanúnach; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh ar fáil don Ghníomhaireacht a bheith leordhóthanach sna blianta amach romhainn;

8. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht 47 592 cigireacht (ar muir agus ar tír), rud ba chúis le 5167 sárú amhrasta a bhrath, arb ionann iad agus laghdú 11 % ar na cigireachtaí agus méadú 28 % ar na sáruithe amhrasta ar fhigiúirí 2021, faoi seach; á chur i bhfios nach gá go mbeadh an laghdú a tugadh faoi deara nasctha le laghdú ar iarrachtaí rialaithe na mBallstát; á iarraidh ar an nGníomhaireacht faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ar na cúiseanna atá leis na hathruithe sin; á chur i bhfios go bhfuil ról lárnach ag cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha eile ní hamháin i mbainistiú cuí na stoc éisc ach freisin i dtaca le cothrom iomaíochta a áirithiú d’iascairí an Aontais;

9. á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN, go bhfuil ról tábhachtach ag an ngníomhaireacht cur i bhfeidhm méadaithe agus comhchuibhithe chórais rialaithe AE atá i bhfeidhm a spreagadh chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil comhar leanúnach ann idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun tacú leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/473; á mheas gur sampla é an comhar de shineirge idir gníomhaireachtaí an Aontais ba cheart a bheith ina spreagadh do ghníomhaireachtaí i réimsí eile; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí ina leith sin agus á mheas gurb iomchuí freisin méadú a dhéanamh ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

11. ag cur béim ar ról na Gníomhaireachta maidir le fothú acmhainneachta agus oiliúint a thairiscint do thríú tíortha agus ar ról ríthábhachtach na Gníomhaireachta i ndáil le cothrom iomaíochta a bhaint amach leis na stáit chósta uile;

12. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 3 Nollaig 2022, a bhí an plean bunaíochta curtha chun feidhme go hiomlán, trí 74 ghníomhaire shealadacha a cheapadh as 77 ngníomhaire sealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú EUR 2.1 milliún ar speansais foirne i gcomparáid le 2021;

13. ag cur sonrú i mbeartas na Gníomhaireachta i leith cóir chomhionann a chur ar an bhfoireann agus i sprioc na Gníomhaireachta an comhionannas inscne a bhaint amach ó thaobh líon na foirne de, ó thaobh ghráid na foirne de agus ó thaobh leibhéil freagrachta

na foirne de; á chur in iúl gur saoth léi nach mná iad ach 38 % den fhoireann atá fostaithe ag grád AD 8 nó níos airde, gan aon athrú i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire nach mór níos mó a dhéanamh chun paireacht a bhaint amach ar an leibhéal bainistíochta; ag athdhearbhú a hiarrata ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena hiarrachtaí a mhéid a bhaineann lena beartas um paireacht inscne d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i leith na paireachta ar an leibhéal bainistíochta chomh maith;

14. á chur i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá ionadaíocht chothrom gheografach i measc na foirne chun ceann de spriocanna bunúsacha an Choimisiúin a bhaint amach, i.e. a bheith gar do na saoránaigh agus éagsúlacht na mBallstát a léiriú;

15. á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint den fhaisnéis maidir le cruinnithe ábhartha stiúrthóra feidhmiúcháin agus foirne le heagraíochtaí nó le daoine féinfhostaithe a ghabhann do dhéanamh agus do chur chun feidhme beartas de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a chur ar fáil go poiblí chun trédhearcacht iomlán agus muinín i ngníomhaíocht na Gníomhaireachta a áirithiú;

16. á mholadh go ndéanfaí urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 23.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Anja Haga, Anja Hazekamp, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, João Pimenta Lopes, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gabriel Mato, Cláudia Monteiro de Aguiar, Grace O'Sullivan |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christian Doleschal |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen |
| NI | Marc Tarabella |
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Christian Doleschal, Anja Haga, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Cláudia Monteiro de Aguiar, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Asger Christensen, Jan Huitema, Pierre Karleskind |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| The Left | Anja Hazekamp |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 1 | - |
|---|---|
| The Left | João Pimenta Lopes |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Rosanna Conte |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh